



Ciorclán 0008/2022

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna,
Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna
Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh
Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO)**

Saoire Poiblí Nua ó 2022

1. Ginearálta

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas faoi chinneadh an Rialtais lá saoire nua a ainmniú.

Tar éis chinneadh an Rialtais an 19 Eanáir 2022 tá lá saoire poiblí aonuaire le bheith ann Dé hAoine 18 Márta 2022 mar aitheantas ar iarrachtaí an phobail i gcoitinne, oibrithe deonacha agus gach oibrí túslíne le linn na paindéime COVID-19 agus i gcuimhne ar dhaoine a cailleadh de bharr na paindéime COVID-19.

Tá cinneadh déanta ag an Rialtas freisin go mbunófar lá saoire poiblí buan ó 2023 mar cheiliúradh ar Lá Imboilg/Naomh Bríde. An chéad Luan i ngach mí Feabhra, ach amháin nuair a thiteann Lá Fhéile Bríde an 1 Feabhra ar an Aoine, agus sa chás sin beidh an Aoine sin mar lá saoire poiblí. Beidh an Luan 6 Feabhra 2023 mar an chéad lá saoire poiblí dá leithéid.

Dá réir sin, laghdóidh an riachtanas do scoil a bheith oscailte ó íosmhéid 183 lá go 182 lá do bhunscoileanna agus íosmhéid 167 lá go 166 lá d'iar-bhunscoileanna. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón mbliain reatha. Ní chuirfidh an lá saoire bainc breise seo isteach ar na sosanna caighdeánaithe atá leagtha amach i gclár 0005/2020.

Ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le ciorclán [0005/2020](#).



2. Fiosruithe maidir leis an gclár seo

Ba chóir fiosruithe maidir leis an gclár seo a chur ar ríomhphost chuig:

schoolgovernance@education.gov.ie

3. Scaipeadh an chláir

Ba chóir cóip den chláir seo a chur ar fáil do bhaill an bhoird bhainistíochta agus d'fhoireann na scoile. Ba chóir cóip a chur ar fáil freisin do chumann na dtuismitheoirí. Is féidir an clár a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag gov.ie/education. Tá leagan Gaeilge den chláir seo ar fáil freisin ar láithreán gréasáin Roinne.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
Rannóg Rialachas na Scoileanna

Feabhra 2022